2026/1162

27.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1162 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 lena leagtar amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 1768)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 ón gCoimisiún ([2]), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/837 ón gCoimisiún ([3]), leag an Coimisiún amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (an 'Cúlchiste') i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1755, chomh maith leis an íosmhéid acmhainní atá le caitheamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán sin.

(2) Trí Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ceadaíodh do na Ballstáit an méid sealadach iomlán a leithdháileadh orthu faoin gCúlchiste a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), nó cuid de a aistriú. In 2023, chuir 23 Bhallstát iarraidh réasúnaithe isteach chun méid iomlán EUR 2 089 446 003 a aistriú ón gCúlchiste chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar na hiarrataí sin.

(3) I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, leasaíodh Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([5]) agus laghdaíodh na hacmhainní uasta a leagtar síos sa Rialachán sin le haghaidh Chúlchiste Coigeartaithe Brexit de bharr iarmhéid an Chúlchiste nár úsáideadh (a bhí beartaithe ar dtús le haghaidh thráthchuid 2025). Is é EUR 584 264 090 an méid gan íoc sin atá ar fáil.

(4) Leasaíodh Rialachán (AE) 2021/1755 agus an laghdú sin á chur san áireamh. Ba cheart na hathruithe sin ar acmhainní uasta Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a léiriú sna méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát agus san íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha.

(5) Ar chúiseanna clársceidealaithe, is i bpraghsanna reatha a thugtar méideanna sealadacha foriomlána a leithdháiltear ar gach Ballstát.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 a leasú dá réir.

([1]) IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha (IO L 362, 12.10.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1803/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/837 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 lena leagtar amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha (IO L 105, 20.4.2023, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/837/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803, cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Raffaele FITTO
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803:

IARSCRÍBHINN

Méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha i bpraghsanna reatha (EUR) mar thoradh ar laghdú ar acmhainní leis an athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil

Ballstát	Méid a bhaineann leis na tosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1755			Méideanna a laghdaíodh mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil	Leithdháileadh sealadach iomlán (tar éis aistrithe chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an laghdú mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil)	Íosmhéid atá le caitheamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha
	Trádáil earraí agus seirbhísí leis an Ríocht Aontaithe	Éisc a ghabhtar i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Ríochta Aontaithe	Réigiúin a bhfuil teorainn mhuirí acu leis an Ríocht Aontaithe			
BE - An Bheilg	129 217 527	23 333 576	5 172 766	0	157 723 869	11 040 671
BG - An Bhulgáir	8 421 670			951 194	8 421 670	
CZ - An tSeicia				0	0	
DK - An Danmhairg	70 693 037	94 395 388		43 884 265	165 088 425	11 556 190
DE - An Ghearmáin	329 380 804	24 844 166		72 635 900	354 224 970	12 422 083
EE - An Eastóin				0	0	
IE - Éire	675 497 560	76 570 834	49 941 285	213 192 446	802 009 679	38 285 417
EL - An Ghréig	13 031 153			0	13 031 153	
ES - An Spáinn	166 953 123	2 460 047		45 033 880	169 413 170	1 230 024
FR - An Fhrainc	142 041 225	41 642 737	47 867 301	0	231 551 263	16 208 588
HR - An Chróit				0	0	
IT - An Iodáil	115 950 662			30 818 750	115 950 662	
CY - An Chipir				0	0	
LV - An Laitvia				0	0	
LT - An Liotuáin	6 658 356	16 682		809 535	6 675 038	8 341
LU - Lucsamburg				0	0	
HU - An Ungáir	45 155 804			12 002 048	45 155 804	
MT - Málta	4 322 261			0	4 322 261	
NL - An Ísiltír	389 011 876	76 687 561	19 847 654	120 767 547	485 547 090	33 988 296
AT - An Ostair	21 892 628			5 818 884	21 892 628	
PL - An Pholainn	136 011 267	1 162 353		36 459 641	137 173 620	
PT - An Phortaingéil				0	0	

Ballstát	Méid a bhaineann leis na tosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1755			Méideanna a laghdaíodh mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil	Leithdháileadh sealadach iomlán (tar éis aistrithe chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an laghdú mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil)	Íosmhéid atá le caitheamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha
	Trádáil earraí agus seirbhísí leis an Ríocht Aontaithe	Éisc a ghabhtar i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Ríochta Aontaithe	Réigiúin a bhfuil teorainn mhuirí acu leis an Ríocht Aontaithe			
RO - An Rómáin				0	0	
SI - An tSlóivéin				0	0	
SK - An tSlóvaic				0	0	
FI - An Fhionlainn	7 110 000			1 890 000	7 110 000	
SE - An tSualainn	67 431 973	4 001 632		0	71 433 605	
Iomlán AE27	**2 328 780 925**	**345 114 976**	**122 829 006**	**584 264 090**	**2 796 724 907**	**124 739 610**